Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Ráiteas Beartais maidir le Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Peitriliam in Éirinn

## De réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021

**2022**

Ullmhaithe ag an Roinn
Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie/decc**

# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ..... i

1 Réamhrá ..... 1

2 Acraíocht ag deireadh mhí na Bealtaine 2022 ..... 1

3 Taobh amuigh den Chomhghuaillíocht Ola agus Gháis ..... 2

4 Idirghníomhaíocht le tionscnaimh eile ..... 3

4.1 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ..... 3

4.2 Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach ..... 3

4.3 An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí ..... 4

4.4 Athbhreithniú ar Shlándáil an tSoláthair ..... 4

4.5 Le Chéile 23 ..... 5

4.6 An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh ..... 5

5 Beartas chun údaruithe a eisiúint tar éis na leasuithe ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960 ..... 6

6 Cineálacha eile iarratais ..... 8

6.1 Síntí ar théarma údaraithe nó céime ..... 8

6.2 Foirceannadh deonach údaruithe ..... 8

6.3 Leas a Shannadh ..... 8

6.4 Gníomhaíocht faoi údarú ..... 9

7 Lámhleabhair Rialacha agus Nósanna Imeachta ..... 9

8 Clár um Bonneagar Peitriliam ..... 9

9 Gníomhaíochtaí Neamh-Pheitriliam ..... 9

10 Struchtúr eagrúcháin laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ..... 10

Iarscríbhinn: Creat le haghaidh Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Amach ón gCósta na hÉireann ..... 11

Samhail na hÉireann ..... 11

Creat Rialála Reatha ..... 11

Forléargas .......... 11

Cineálacha údaraithe .......... 11

Rialáil Údaruithe .......... 12

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta .......... 14

Rialáil Ghníomhaíochtaí faoi Cheadúnas/Léas .......... 14

# 1 Réamhrá

Foilsíodh ráiteas beartais na hÉireann maidir le taiscéalaíocht agus eastóscadh peitriliam an 17 Nollaig 2019, tar éis fhógra an Taoisigh ag an am an 23 Meán Fómhair 2019 go dtiocfadh deireadh le taiscéalaíocht nua ola toisc go bhfuil sé ar neamhréir le todhchaí ísealcharbóin.

Ó shin i leith, tá roinnt forbairtí breise ann. Leagtar amach i gClár an Rialtais – Ár dTodhchaí Le Chéile bealach soiléir i dtreo níos lú spleáchais ar bhreoslaí iontaise ar fud gach earnála dár sochaí. Tá gealltanas ann go sonrach deireadh a chur le heisiúint ceadúnais nua chun gás a thaiscéaladh agus a eastóscadh ar an mbonn céanna leis an gcinneadh a rinne an Rialtas roimhe seo in 2019 maidir le taiscéalaíocht agus eastóscadh ola.


Bhí éifeacht leis an ngealltanas sin láithreach nuair a chuaigh an Rialtas reatha i mbun oifige. Ó mhí an Mheithimh 2020 i leith, níor ghlac an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) a thuilleadh le hiarratais nua ar údaruithe peitriliam nua. Ina theannta sin, ní bheidh aon bhabhtaí ceadúnaithe ann amach anseo. Ní dhéanann na hathruithe sin difear do shealbhóirí údaruithe atá ann cheana agus féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun a n-údaruithe a chur chun cinn trí na céimeanna ceadúnaithe i dtreo conclúid nádúrtha – lena n-áirítear dul in éag, scaradh nó táirgeadh.

Chinn an Rialtas ina dhiaidh sin, an 2 Feabhra 2021, an gealltanas seo a chur ar bhonn reachtúil. Baineadh é sin amach ar thosach feidhme an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 an 7 Meán Fómhair 2021.

Is é cuspóir an doiciméid seo teacht in ionad Ráiteas Beartais 2019 chun an seasamh beartais agus reachtach reatha a léiriú agus chun soiléireacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara maidir le húdaruithe amach anseo a d'fhéadfaí a dheonú faoin reachtaíocht.

# 2 Acraíocht ag deireadh mhí na Bealtaine 2022

Tá éifeachtaí na n-athruithe ar bheartas le blianta beaga anuas an-soiléir. Tá 21 údarú i bhfeidhm faoi láthair faoin Acht um Fhorbairt Peitriliam agus Mianraí Eile 1960. Is ionann é sin agus glanlaghdú de 34 údarú ó Mheán Fómhair 2019, agus ag an bpointe sin bhí 55 údarú i bhfeidhm. Léirítear é sin níos mine i bhFíor 1 thíos.




**Fíor 1: Údaruithe peitriliam faoi rialachán ag deireadh gach ráithe, ó Mheán Fómhair 2019 go Bealtaine 2022. Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide**

Táthar ag súil go leanfaidh líon foriomlán na n-údaruithe de bheith ag laghdú de réir mar a rachaidh údaruithe in éag nó go scarfar leo – gan aon údaruithe nua le haghaidh taiscéalaíochta nua a chur ina n-ionad. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh sealbhóirí údaruithe atá ann cheana iarratas a dhéanamh ar údaruithe comharba, d'fhéadfadh sé go méadófaí ar líon na ngealltanas léasa agus na léasanna le himeacht ama de réir mar a laghdaíonn méid na gceadúnas taiscéalaíochta.

# 3 Taobh amuigh den Chomhghuaillíocht Ola agus Gháis

Tá Éire i gceannas ar an aistriú ó tháirgeadh domhanda ola agus gáis agus i dtreo foinsí in-athnuaite fuinnimh inár ról mar bhall bunaitheach den Beyond Oil and Gas Alliance (BOGA), a seoladh ag COP26 an 11 Samhain 2021.

Is comhghuaillíocht rialtais agus páirtithe leasmhara é BOGA, an chéad cheann dá cineál, a oibríonn le chéile chun deireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh ola agus gáis. Mar chroíchomhalta, chláraigh Éire le Dearbhú BOGA, agus gheall sí tacú le haistriú domhanda atá cóir agus cothrom go sóisialta. Ina dhiaidh sin déanfar gníomhaíocht ábhartha, maidir le lamháltais nua ola agus gháis a eisiúint, babhtaí ceadúnaithe nó léasaithe, agus idirphlé a

chur chun cinn maidir leis an ngá atá le táirgeadh ola agus gáis a bhainistiú agus a chéimniú amach ar dhóigh chóir.

Aithníonn BOGA go bhféadfadh baill a bheith faoi cheangal ceadanna áirithe a dheonú, mar gheall ar ghealltanais chonarthacha agus dhlíthiúla atá ann cheana. Féachann sé le treo soiléir aistrithe a leagan síos, ag glacadh cur chuige uaillmhianach 'conair faoileoireachta' i leith deireadh a chur de réir a chéile leis an táirgeadh, seachas 'titim thobann' dholáimhsithe.

# 4 Idirghníomhaíocht le tionscnaimh eile

## 4.1 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tugann An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 plean mionsonraithe de bhearta cinntitheacha a dhéanfar chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa faoi 2030 agus a chuirfidh ar chonair muid chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gealladh sa Chlár Rialtais agus mar a leagtar amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Cuirfidh sé Éire ar chonair níos inbhuanaithe; laghdófar astaíochtaí; cruthófar geilleagar agus sochaí níos glaine agus níos glaise; agus cosnófar sinn ar iarmhairtí tubaisteacha an athraithe aeráide. Is deis ollmhór í chun poist nua a chruthú agus gnólachtaí a fhás i réimsí cosúil le gaoth eischósta; talmhaíocht cheannródaíoch; agus iarfheistiú, ag fágáil ár dtithe níos teo agus níos sábháilte.

Liostaítear sa Phlean na gníomhartha is gá chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Is é atá i nGníomhaíocht 444 san Iarscríbhinn Gníomhartha ráiteas beartais 2019 maidir le Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Peitriliam a leasú agus reachtaíocht a leasú chun tiomantas Chlár an Rialtais maidir le taiscéalaíocht agus eastóscadh peitriliam agus gáis a dhaingniú. Tugann foilsiú an Ráitis Bheartais seo an gníomh sin chun críche, ó tharla gur achtaíodh na leasuithe reachtacha cheana féin tríd an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.

## 4.2 Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach

Tá geilleagar domhanda an lae inniu bunaithe go mór ar shamhail líneach (baint-tógail-caitheamh) den táirgeadh agus den tomhaltas. Ní inbhuanaithe iad tionchair chomhshaoil na samhla líní seo, ina mbainimid méideanna móra acmhainní nádúrtha chun rudaí a thógáil nach n-úsáidfimis ach uair amháin sula gcaitheann muid amach iad. Is caillteanas suntasach luacha é acmhainní agus earraí a ligean chun dramhaíola agus méadaíonn sé ár spleáchas ar shlabhraí soláthair casta domhanda. Cuireann an geilleagar ciorclach rogha eile ar fáil

seachas an tsamhail líneach sin, ceann ina gcoinnímid acmhainní in úsáid chomh fada agus is féidir, ina mbainimid an luach is mó astu agus iad in úsáid, ansin ina ndéanaimid táirgí agus ábhair a aisghabháil agus a athghiniúint ag deireadh a ré.

Ach an geilleagar ciorclach a bhaint amach, beidh ról tábhachtach aige maidir le tionchar carbóin an domhain a laghdú agus acmhainní nádúrtha, an comhshaol agus an tsláinte a chosaint.

Sa chéad Straitéis uile-Rialtais um Gheilleagar Ciorclach na hÉireann, a seoladh an 16 Nollaig 2021, leagtar amach fís d'aistriú na hÉireann go ciorclaíocht; mínítear coincheap an gheilleagair chiorclaigh, cuirtear síos ar na tionscnaimh atá ag tarlú cheana féin, na deiseanna atá ar fáil agus an dóigh a gcuirfidh an Rialtas na hathruithe atá ag teastáil chun cinn.

## 4.3 An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF) a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Iúil 2021, an creat don chomhpháirt réamhphleanála dár gcóras pleanála muirí. Tá caibidil ann maidir le peitriliam ina leagtar amach an cuspóir atá againn dea-chleachtas rialála a chinntiú maidir le húdaruithe reatha le haghaidh taiscéalaíocht agus táirgeadh a bhainistiú. Luaitear dhá pholasaí pleanála sa chaibidil freisin – agus is é an chéad cheann díobh sin gur cheart go mbeadh tograí i limistéir ina bhfuil gníomhaíochtaí peitriliam lonnaithe cheana nó gníomhaíochtaí formheasta ag luí leis na gníomhaíochtaí peitriliam atá ann cheana, agus is é an dara ceann gur cheart steiriliú an limistéir sin le haghaidh úsáid peitriliam amach anseo a sheachaint le tograí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar limistéir atá faoi réir údaruithe peitriliam atá ann cheana.

Chomh maith leis an NMPF agus ráiteas beartais seo an pheitriliam, déanfar gnéithe pleanála de ghníomhaíocht pheitriliam muirí a cheapadh faoi ráiteas beartais reachtúil náisiúnta uileghabhálach maidir le pleanáil mhuirí atá le foilsiú go luath in 2023.

## 4.4 Athbhreithniú ar Shlándáil an tSoláthair

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag RCAC faoi láthair ar shlándáil sholáthar fuinnimh chórais leictreachais agus gás nádúrtha na hÉireann. Tá an t-athbhreithniú ag díriú ar an tréimhse go dtí 2030 i gcomhthéacs conair inbhuanaithe a chinntiú go dtí 2050. Cuimsíonn an t-athbhreithniú anailís theicniúil a chabhróidh le bonn eolais a chur faoi chomhairliúchán poiblí.

Áirítear san anailís theicniúil sainaithint agus scrúdú ar na príomhrioscaí do shlándáil an tsoláthair sna córais leictreachais agus gás nádúrtha; sainaithint roghanna a d'fhéadfadh

aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin nó iad a mhaolú sa tréimhse go dtí 2030; agus breithmheas ar na roghanna sin i gcomhthéacs bealach inbhuanaithe a chinntiú go dtí 2050.

Cuirfear san áireamh san athbhreithniú na leibhéil a bhfuiltear ag súil leo maidir le táirgeadh gás nádúrtha dúchasach faoi údaruithe atá ann cheana. Mar sin féin, de réir an Chláir Rialtais agus an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ní áireofar tuilleadh táirgeadh gás nádúrtha dúchasach breise sna roghanna a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí féideartha nó iad a mhaolú.

## 4.5 Le Chéile 23

I Ráiteas Straitéise RCAC 2021-23, Le Chéile 23, cuirtear de cheangal ar an Roinn an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a threorú. Áirítear leis sin ár gcórais fuinnimh a chlaochlú ina todhchaí astaíochtaí neodracha trí thacú le níos mó úsáid a bhaint as fuinneamh geoiteirmeach; ár n-acmhainní nádúrtha a chosaint agus a bhainistiú; agus tacú le soláthar inbhuanaithe na n-amhábhar is gá chun aistriú digiteach agus glas a bhaint amach. Geallann sé go sonrach go gcuirfear deireadh le heisiúint ceadúnais nua chun ola agus gás a thaiscéaladh in Éirinn amach ón gcósta. Seachadadh an tiomantas seo ar bhonn reachtúil tríd an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.

## 4.6 An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh

I mí Aibreáin 2022, cheadaigh agus d'fhoilsigh an Rialtas an Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh. Leagadh amach sa Chreat go n-oibreoidh an Rialtas leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile chun na tograí beartais a leagtar amach faoi REPowerEU a mheas, atá deartha chun cabhrú le tomhaltóirí agus le gnólachtaí déileáil le costais fuinnimh atá ag méadú. Is gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach é REPowerEU le haghaidh fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe. Tá na tograí seo á ndéanamh ag an Rialtas, agus beidh forbairtí AE agus idirnáisiúnta a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin mar bhonn eolais don bheartas peitriliam. Ar an leibhéal náisiúnta, déanfar athbhreithniú freisin ar fhorbairt beartas peitriliam i gcomhthéacs an chreata fhioscaigh níos leithne agus na dtionscnamh agus na ngníomhartha leanúnacha aeráide agus fuinneamh glas.

# 5 Beartas chun údaruithe a eisiúint tar éis na leasuithe ar an Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960

Leasaíonn Alt 21 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 an tAcht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960 chun srian a chur le cumhacht an Aire údaruithe peitriliam nua a dheonú trí ailt áirithe den Acht a aisghairm. Foráiltear le forálacha coigiltis, áfach, go bhféadfaidh an tAire údaruithe comharba a dheonú do shealbhóirí údaruithe láithreacha (agus údaruithe breise comharba sa todhchaí, ag brath ar chéim an údaraithe).

Fanann aon iarratais den sórt sin faoi réir thoiliú an Aire agus fhorálacha na dTéarmaí Ceadúnaithe ábhartha agus na nAchtanna um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960-2021.[1]

Dá réir sin, ní dhéanfar aon taiscéalaíocht nó eastóscadh peitriliam nua i limistéir nach bhfuil údaraithe faoi láthair. Maidir leis sin, ós rud é nach bhfuil aon údaruithe ar tír ann, fanfaidh an limistéar ar tír dúnta le haghaidh taiscéalaíochta agus táirgthe peitriliam, de réir Ráiteas Beartais 2019.

De réir na nAchtanna um Fhorbairt Peitriliam agus Mianraí Eile 1960-2021, ní bhreithneoidh an tAire ach iarratais atá ceangailte cheana féin le húdaruithe atá ann cheana, amhail iarratais ar:

- ceadúnas taiscéalaíochta ó shealbhóir ceann de na roghanna ceadúnaithe;
- gnóthas léasa ó shealbhóir rogha ceadúnaithe nó ceadúnas taiscéalaíochta;
- léas peitriliam ó shealbhóir ceadúnas taiscéalaíochta nó gnóthas léasa; nó
- ceadúnas sirtheoireachta peitriliam ó shealbhóir aon údaraithe eile, i gcás inar gá sin chun críocha an údaraithe eile atá á shealbhú.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na cineálacha éagsúla údaraithe sin ar fáil san Iarscríbhinn.

1 Tá feidhm ag Téarmaí Ceadúnaithe maidir le gach údarú, ina leagtar amach ceanglais iarratais chomh maith leis na téarmaí neamh-fhioscacha ar a ndeonófar gach cineál údaraithe. De ghnáth tugtar stádas conarthach do na coinníollacha sin trína n-ionchorprú in údaruithe. Faoi láthair tá dhá leagan de na Téarmaí Ceadúnaithe in úsáid - leagan 1992 agus leagan 2007. Is iondúil go bhfanfaidh údaruithe comharba bunaithe ar an leagan de na Téarmaí Ceadúnaithe i bhfeidhm tráth deonaithe an údaraithe thosaigh. Tá an dá leagan de na Téarmaí Ceadúnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Ní bhreithneofar iarratais ar cheadúnais sirtheoireachta peitriliam ach amháin ó shealbhóirí údaruithe atá ann cheana sna himthosca seo a leanas:

- Breithneofar iarratais ar cheadúnais sirtheoireachta peitriliam ó shealbhóirí roghanna ceadúnaithe atá ar marthain lena chinntiú gur féidir le sealbhóir an údaraithe alt 13(b) de Théarmaí Ceadúnaithe 2007 nó alt 10(d) de Théarmaí Ceadúnaithe 1992, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh, a éilíonn ar shealbhóir rogha ceadúnaithe ceadúnas sirtheoireachta peitriliam a bheith aige freisin.
- Breithneofar iarratais ar cheadúnais sirtheoireachta peitriliam ó shealbhóirí gnóthas léasa atá ar marthain lena chinntiú gur féidir le sealbhóir an údaraithe alt 26(e) de Théarmaí Ceadúnaithe 2007 nó alt 24(g) de Théarmaí Ceadúnaithe 1992 a chomhlíonadh, de réir mar a bheidh, a cheanglaíonn ar shealbhóir rogha ceadúnaithe ceadúnas sirtheoireachta peitriliam a bheith aige freisin.
- Ní bhreithneofar iarratais ar cheadúnais sirtheoireachta peitriliam ach amháin ó shealbhóirí ceadúnas taiscéalaíochta agus léasanna peitriliam in imthosca inar gá do shealbhóir an údaraithe sonraí a fháil lasmuigh de theorainn a n-údaraithe chun bonn eolais iomlán a chur faoi aon obair atá go díreach ábhartha laistigh dá n-údarú. D'fhéadfadh sé sin a bheith i gceist, cuir i gcás, sna samplaí seo a leanas:
    - sealbhú iomlán sonraí fodhromchla a áirithiú laistigh den limistéar údaraithe;
    - sonraí suirbhé láithreáin a fháil lasmuigh den limistéar atá i seilbh faoi údarú chun clúdach leordhóthanach a chinntiú do phatrúin rígí ancaire, coinníollacha bunlíne ghrinneall na farraige lena n-áirítear sampláil chomhshaoil agus suirbhéireacht ar shuíomh tobar scaoilte, i gcás ina bhfuil suíomh tobar beartaithe gar do theorainn údaraithe atá i seilbh; agus
    - casadh líne a cheadú agus suirbhéanna seismeacha á ndéanamh.

Níl sé i gceist go mbeadh an liosta thuas uileghabhálach, ba cheart a thabhairt faoi deara áfach, nach ndeonófar ceadúnais sirtheoireachta peitriliam i leith gníomhaíochtaí nach mbaineann le húdaruithe atá ann cheana. Ina theannta sin, ní thugann ceadúnas lorgaireachta peitriliam teideal don sealbhóir cearta eisiacha ar acraíocht amach ón gcósta, ná ar aon údarú breise faoi na hAchtanna um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960 - 2021.

Fanann gach iarratas ar údaruithe faoi réir thoiliú an Aire, na nAchtanna um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960 – 2021 (go háirithe alt 9A) agus na dTéarmaí Ceadúnaithe ábhartha.

# 6 Cineálacha eile iarratais

Tá cineálacha éagsúla eile ceadaithe ann a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó shealbhóirí údaruithe le linn théarma an údaraithe. Áirítear orthu sin:

## 6.1 Síntí ar théarma údaraithe nó céime

De réir Théarmaí Ceadúnaithe 2007, coinneoidh an tAire air a chur leas an phobail san áireamh agus iarratas á mheas ar athrú ar fhad céimeanna aonair ceadúnas taiscéalaíochta agus/nó an téarma iomláin. Ba cheart clár oibre lánchostais a bheith ag gabháil le hiarratas ar shíneadh atá oiriúnach don fhad a mholfar agus beidh sé faoi réir measúnú teicniúil agus airgeadais.

## 6.2 Foirceannadh deonach údaruithe

Ceadaíonn na Téarmaí Ceadúnaithe foirceannadh deonach údaruithe. I gcás ceadúnais taiscéalaíochta, féadfaidh ceadúnaí a cheadúnas a thabhairt suas ar choinníoll gur chomhlíon sé na hoibleagáidí go léir agus gur chomhlíon sé na dliteanais go léir a fhorchuirtear leis an gceadúnas nó a tabhaíodh faoin gceadúnas. I gcás gnóthas léasa, foráiltear leis na Téarmaí Ceadúnaithe go bhféadfar an t-údarú a fhoirceannadh trí chomhaontú idir an tAire agus sealbhóir an ghnóthais. Tá na roghanna sin fós oscailte do shealbhóirí údaruithe ábhartha.

I gcásanna inar mian le sealbhóir údaraithe údarú a fhoirceannadh go deonach ach nuair nár comhlíonadh clár oibre nó oibleagáid eile go hiomlán, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, ar ítimí neamhiomlána clár oibre a chur in ionad infheistíochta i dtaighde fuinneamh glas ar astaíochtaí carbóin níos ísle a rachadh chun tairbhe don Stát.

I gcás go dtoilíonn an tAire le míreanna neamhiomlána clár oibre a chur in ionad an údaraithe a fhoirceannadh go deonach, próiseálfaidh an tAire an foirceannadh a luaithe is indéanta tar éis an toilithe, agus ní bheidh aon chearta, leas, oibleagáidí ná dliteanais bhreise ag an sealbhóir a thuilleadh san údarú, faoin údarú nó faoina bhun nó ina leith agus san acraíocht a chumhdaítear leis an údarú.

## 6.3 Leas a Shannadh

Leanfaidh an tAire le breithniú a dhéanamh ar iarratais ar shannadh leasa agus ar aistriú údaruithe faoi alt 21 agus 22 d'Acht 1960. Tá iarratais den sórt sin fós faoi réir nósanna imeachta measúnaithe airgeadais agus teicniúla de réir alt 9A d'Acht 1960. Maidir le cumas

airgeadais, ba cheart d'iarratasóirí leanúint orthu ag tagairt do Mheasúnuithe Cumas Airgeadais na Roinne ar Iarratais Taiscéalaíochta agus Bhreithmheasa Gáis Ola Amach ón gCósta - Treoirdhoiciméad, Lúnasa 2019.

### 6.4 Gníomhaíocht faoi údarú

Leanfaidh an tAire air ag breithniú iarratas ar ghníomhaíochtaí a dhéanamh maidir le húdaruithe atá ann cheana i soláthar eischósta na hÉireann, agus déanfaidh Aonad Measúnaithe Comhshaoil na Roinne na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhshaoil. Ba cheart leanúint le hiarratais a chur isteach de réir an Lámhleabhair Rialacha agus Nósanna Imeachta ábhartha.

## 7 Lámhleabhair Rialacha agus Nósanna Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar na Lámhleabhair Rialacha agus Nósanna Imeachta a bhaineann le taiscéalaíocht agus táirgeadh peitriliam lena chinntiú gur léiriú cruinn iad ar an reachtaíocht agus ar an dea-chleachtas reatha i gcoitinne.

## 8 Clár um Bonneagar Peitriliam

De réir mar a aistríonn Éire go geilleagar ísealcharbóin, tá an fócas ag athrú níos mó agus níos mó i dtreo taighde agus forbairt foinsí fuinneamh in-athnuaite, seachas staidéir ar bhreosla iontaise-bhunaithe. Sa chomhthéacs sin, tá an Roinn den tuairim nach bhfuil aon riachtanas ann a thuilleadh tacú le leanúint le cláir thaighde a thacaíonn le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbóin. Dá réir sin, cuireadh tús le foirceannadh ordúil an Chláir uim Bonneagar Peitriliam, agus ní lorgófar ranníocaíochtaí leis an gClár ar feadh tréimhsí dar tús an 1 Iúil 2021.

## 9 Gníomhaíochtaí Neamh-Pheitriliam

Ceadaíonn údaruithe a eisíodh faoi Acht 1960 do shealbhóir údaraithe peitriliam a chuardach, nó fionnachtain pheitriliam tráchtála a tháirgeadh. Ní thugann údarú peitriliam a bheith aige cearta don sealbhóir i ndáil le haon chuspóir eile nach dtagann faoi raon feidhme Acht 1960 – lena n-áirítear stóráil gháis tríú páirtí, gabháil agus stóráil carbóin, taiscéalaíocht mianraí agus mianadóireacht nó fuinneamh geoiteirmeach. Forbrófar creataí rialála atá ar leithligh ó Acht 1960 más rud é agus de réir mar is cuí do na hearnálacha sin mura bhfuil siad i bhfeidhm cheana féin.

# 10 Struchtúr eagrúcháin laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An 1 Eanáir 2021, rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide feidhmeanna áirithe geo-eolaíochta a athchumrú. Is é a bhí i gceist leis sin aistriú na bhfeidhmeanna a rinne an Rannán Gnóthaí Peitriliam agus na Rannáin Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta chuig dhá aonad ghnó nua: an Rannán Beartas Geo-eolaíochta (GSPD) agus an Oifig um Rialáil Geo-eolaíochta (GSRO).

Déanann an Oifig um Rialáil Geo-eolaíochta maoirseacht ar rialáil na ngníomhaíochtaí geo-eolaíochta ainmnithe a thagann faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar bhealach trédhearcach, inbhuanaithe agus láidir a chosnaíonn leas an phobail. Áirítear leis sin ceadúnú peitriliam, monatóireacht ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le peitriliam, agus comhlíonadh agus forfheidhmiú.

Déanann an Rannán Beartas Geo-eolaíochta creat beartais agus rialála náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn do na gníomhaíochtaí geo-eolaíochta ainmnithe a thagann faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ina bhfeidhmíonn an Oifig Rialála Geo-eolaíochta. Áirítear leis sin an creat beartas agus rialála peitriliam.

Ina theannta sin, déanann an tAonad um Measúnú Comhshaoil (EAU), aonad neamhspleách atá scartha ó thaobh feidhme de laistigh den Roinn, feidhmeanna Measúnacht Tionchar Timpeallachta agus Measúnacht Chuí i ndáil le taiscéalaíocht agus táirgeadh peitriliam, agus píblínte gáis réamhtheachtacha.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an Roinn ar a indéanta atá sé bainistíocht na geo-eolaíochta agus na bhfeidhmeanna geolaíochta a thagann faoi shainchúram na Roinne a chuíchóiriú tuilleadh d'fhonn an tseirbhís is fearr a chinntiú don earnáil, don phobal agus do phríomhpháirtithe leasmhara agus tabharfaidh sí moltaí don Rialtas in am trátha.

# Iarscríbhinn: Creat le haghaidh Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Amach ón gCósta na hÉireann

## Samhail na hÉireann

Feidhmíonn Éire córas lamháltais trína dtugtar cearta do chuideachtaí taiscéalaíochta peitriliam iniúchadh a dhéanamh ar pheitriliam laistigh d'acraíocht shainithe amach ón gcósta, trí chóras ceadúnaithe a théann ar aghaidh ó rogha ceadúnaithe go ceadúnas taiscéalaíochta agus léas, i gcás fionnachtana tráchtála. Braitheann dul chun cinn ó Rogha Ceadúnaithe go Ceadúnas Taiscéalaíochta agus dul chun cinn idir na céimeanna aonair de Cheadúnas Taiscéalaíochta ar chomhlíonadh oibleagáidí an tsealbhóra údaraithe ar an gclár oibre.

Tá an riosca airgeadais a bhaineann le téarmaí taiscéalaíochta agus fioscacha den sórt sin deartha chun an chothromaíocht riachtanach a bhaint amach idir an infheistíocht taiscéalaíochta ardriosca a mhealladh atá riachtanach chun acmhainneacht Eischósta na hÉireann a chruthú agus an toradh ar an Stát a uasmhéadú ó acmhainní nádúrtha na hÉireann.

Ó cuireadh tús le taiscéalaíocht in Éirinn amach ón gcósta, rinneadh ceithre fhionnachtain gháis tráchtála (Cionn tSáile, Baile Choitín, Na Seacht gCeanna agus Coirib). Cé go bhfuarthas roinnt fionnachtana ola amach in eischósta na hÉireann, níor dearbhaíodh aon cheann díobh sin go dtí seo mar ola thráchtála.

## Creat Rialála Reatha

### Forléargas

Faoi Acht 1960, tá gach peitriliam sa Stát dílsithe don Aire. Forbraíonn agus coinníonn an tAire creat beartais agus rialála cuí chun tacú le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe peitriliam. Is é atá i gceist leis sin reachtaíocht a fhorbairt, Treoracha AE ábhartha a thrasuí sa dlí náisiúnta, agus bainistiú agus rialáil éifeachtach údaruithe. Ina theannta sin, glacann an Roinn páirt ar leibhéil náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta lena chinntiú go bhfuil cleachtais rialála ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

### Cineálacha údaraithe

Tá cineálacha éagsúla údaruithe peitriliam ann dá bhforáiltear in Acht 1960, agus tá siad sin leagtha amach thíos. Is féidir tuilleadh eolais faoi gach ceann acu a fháil sna Téarmaí Ceadúnaithe.

**Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam**

- A eisíodh  faoi Alt 9(1) d'Acht 1960, de réir Alt 21 d'Acht 2021.
- Ceadúnas neamheisiach lena dtugtar an ceart don sealbhóir peitriliam a chuardach in aon chuid de Chósta na hÉireann nach bhfuil faoi réir ceadúnais nó léasa a deonaíodh do pháirtí eile.
- De réir an Ráitis Bheartais seo, ní bhreithneofar iarratais ar cheadúnais peitriliam ach amháin i gcúinsí teoranta, eadhon a chinntiú gur féidir le sealbhóirí roghanna ceadúnaithe agus gnóthas léasa a dTéarmaí Ceadúnaithe a chomhlíonadh, agus i gcásanna inar gá do shealbhóir ceadúnais nó léasa sonraí a fháil lasmuigh de theorainn a n-údaraithe d'fhonn bonn eolais iomlán a chur faoi aon obair atá go díreach ábhartha laistigh dá n-údarú.

**Rogha Ceadúnaithe**

- A eisíodh roimhe seo faoi Alt 7(1) d'Acht 1960.
- Údarú neamheisiach lena dtugtar an chéad cheart don sealbhóir ar Cheadúnas Taiscéalaíochta thar an limistéar go léir nó cuid de limistéar atá clúdaithe ag an údarú.
- Ar aon dul leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ní féidir Roghanna Ceadúnaithe a eisiúint a thuilleadh.

**Ceadúnas Taiscéalaíochta**

- A eisíodh faoi Alt 8(1) d'Acht 1960, de réir Alt 21 d'Acht 2021.
- Foráiltear leis na Téarmaí Ceadúnaithe do thrí chatagóir ceadúnas taiscéalaíochta. Is é atá iontu sin Ceadúnas Taiscéalaíochta Caighdeánach (do dhoimhneachtaí uisce suas le 200m), Ceadúnas Taiscéalaíochta Domhainuisce (do dhoimhneachtaí uisce níos mó ná 200m) agus Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann (do cheantair a shonróidh an tAire).
- Tá sé de dhualgas ar shealbhóirí ceadúnais cláir oibre a dhéanamh le linn gach céime de cheadúnas taiscéalaíochta, lena n-áirítear staidéir deisce nó druileáil toibreacha.

**Gnóthas Léasa**

- A eisíodh faoi Alt 10(1) d'Acht 1960, de réir Alt 21 d'Acht 2021
- Nuair a dhéantar fionnachtain i limistéar ceadúnaithe agus nach bhfuil an ceadúnaí in ann a dhearbhú gur fionnachtain tráchtála í le linn thréimhse an cheadúnais, ach go bhfuil súil aige go mbeidh sé in ann é sin a dhéanamh sa todhchaí is intuartha, féadfaidh an ceadúnaí iarratas a dhéanamh ar Ghnóthas Léasa. Is gealltanas é sin ón Aire, faoi réir coinníollacha áirithe, Léas Peitriliam a dheonú ar dháta sonraithe amach anseo.

**Léas Peitriliam**

- A eisíodh faoi Alt 13(1) d'Acht 1960, de réir Alt 21 d'Acht 2021.
- Nuair a bhíonn fionnachtain tráchtála bunaithe, tugann sealbhóir an údaraithe fógra don Aire agus déanann sé iarratas ar Léas Peitriliam d'fhonn é a fhorbairt.
- Is féidir táirgeadh a dhéanamh faoi Léas Peitriliam, a luaithe a dheonaítear na ceaduithe ábhartha.

**Ceadúnas Limistéir Fhorchoimeádta**

- A eisíodh faoi Alt 19(1) d'Acht 1960.
- Féadfaidh sealbhóir Léas Peitriliam iarratas a dhéanamh ar cheadúnas limistéir fhorchoimeádta i leith limistéir atá tadhlach leis an limistéar ar léas nó timpeall air agus nach bhfuil faoi réir údarú seachas Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam.

## Rialáil Údaruithe

Baineann na Téarmaí Ceadúnaithe le haghaidh Taiscéalaíocht, Forbairt agus Táirgeadh Ola agus Gáis Amach ón gCósta 2007 le húdaruithe a bronnadh tar éis an 1 Eanáir 2007 agus leagtar amach iontu na ceanglais iarratais ar údaruithe chomh maith leis na téarmaí

neamhfhioscacha ar a ndeonófar gach cineál údaraithe. Léiríonn na Téarmaí Ceadúnaithe na 'téarmaí ar a bhfuil an tAire sásta na húdaruithe éagsúla a eisiúint' agus is iondúil go dtugtar stádas conarthach do na coinníollacha sin trí ionchorprú in údaruithe.

Leagtar amach sna Rialacha agus Nósanna Imeachta maidir le Taiscéalaíocht agus Breithmheas Peitriliam Amach ón gCósta, in éineacht leis na Rialacha agus Nósanna Imeachta maidir le hOibríochtaí Táirgthe Peitriliam Amach ón gCósta, na rialacha agus na nósanna imeachta nach mór d'oibreoir údaraithe peitriliam a leanúint agus oibríochtaí taiscéalaíochta, breithmheasa agus táirgthe ola agus gáis á ndéanamh in Eischósta na hÉireann.

Agus iarratais ar chur chun cinn ceadúnas atá ann cheana á mbreithniú ag an Aire, cuireann an tAire san áireamh an clár oibre atá molta ag an iarratasóir; inniúlacht theicniúil agus taithí amach ón gcósta an iarratasóra; na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don iarratasóir; beartas an iarratasóra maidir le sláinte agus leis an gcomhshaol; agus feidhmíocht roimhe sin ag an iarratasóir faoi aon údaruithe a raibh an t-iarratasóir ina pháirtí iontu.

Ar mhaithe le trédhearcacht agus de réir Alt 57 d'Acht 1960*,* ceanglaítear ar an Aire tuarascáil sé mhí ar Thaiscéalaíocht agus ar Fhorbairt Pheitriliam in Éirinn a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Leagtar amach sa tuarascáil sin sonraí na n-údaruithe go léir a dheonaigh an tAire agus atá beo le linn na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis sin an méid airgid a bhaineann le taiscéalaíocht agus le forbairt pheitriliam a bhailigh an tAire le linn na tréimhse tuairiscithe, agus faisnéis eile a bhaineann le taiscéalaíocht agus le forbairt pheitriliam in Éirinn. Ina theannta sin, foilsítear Tuarascáil Acraíochta ina leagtar amach suíomh gach údaraithe agus Léarscáil Lamháltais gach ráithe ar láithreán gréasáin na Roinne.

Glacann an Roinn cur chuige fianaise-bhunaithe i leith meastóireacht a dhéanamh ar chláir oibre bheartaithe do gach údarú. Déanann iarratasóirí costáil orthu agus nuair a mheasann an Roinn go bhfuil siad oiriúnach, déantar tástáil inmharthanachta airgeadais agus acmhainne chun dearbhú a thabhairt ar chumas an iarratasóra an obair a dhéanamh. Tá tuilleadh faisnéise faoi mheasúnú airgeadais ar fáil i Measúnú Cumas Airgeadais na Roinne d'Iarratais Taiscéalaíochta agus Bhreithmheasa Ola & Gháis Amach ón gCósta.

Ina theannta sin, áirítear sa mheastóireacht measúnú ar aisíoc chuig an Stát i dtéarmaí sealbhú sonraí beartaithe, léirmhíniú sonraí agus staidéir theicniúla. Cinntíonn riachtanais tuairiscithe go ndéanann an Roinn monatóireacht leanúnach ar sheachadadh na ngealltanas sin an chláir oibre.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Ceanglaítear leis an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) go ndéanfar measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar chláir áirithe ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol. Is í an aidhm forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí bhreithnithe comhshaoil a chomhtháthú go luath in aon ghníomhaíocht cheadúnaithe.

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta Eischósta na hÉireann (IOSEA5) chun measúnú a dhéanamh ar aon tionchair fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi údaruithe taiscéalaíochta agus táirgthe peitriliam laistigh d'uiscí eischósta na hÉireann. Is é a bhí i gceist leis sin comhairliúchán poiblí agus rinneadh na haighneachtaí agus na tuairimí a fuarthas ar ais a bhreithniú mar chuid dá ullmhúchán.

Soláthraíonn IOSEA5 bonnlíne chomhshaoil oibríochtúil dóibh siúd a bhíonn ag obair in, agus ag úsáid, earnáil eischósta na hÉireann ar féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh dá réir agus a chinntíonn cosaint éifeachtach na muirthimpeallachta.

Tá measúnú nua á dhéanamh faoi láthair, ina n-ionchorpraítear gach athrú beartais a rinne an Rialtas ó IOSEA5.

## Rialáil Ghníomhaíochtaí faoi Cheadúnas/Léas

Tá Aonad Measúnaithe Comhshaoil na Roinne freagrach as scagthástáil chomhshaoil agus as aon mheasúnuithe comhshaoil a dhéanamh a chinntear a bheith riachtanach tar éis scagthástála, de réir na gceanglas a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE (an Treoir maidir le Measúnacht Tionchar Timpeallachta) agus Treoir 92/43/CEE (an Treoir maidir le Gnáthóga) i ndáil le hiarratais a dhéantar chuig an Aire ar chead chun tabhairt faoi 'ghníomhaíochtaí' faoi cheadúnas taiscéalaíochta nó ceadúnas sirtheoireachta peitriliam, nó iarratais a dhéantar chuig an Aire ar cheadú 'peitriliam a oibriú' faoi léas peitriliam.

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 – 21, arna leasú (Rialacháin um Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) éifeacht don Treoir maidir le Gnáthóga, arna leasú i ndlí na hÉireann. Ceanglaítear leis na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga Nádúrtha, *inter alia*, go ndéanfaidh údarás poiblí scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (MC) chun a mheas an mbeadh tionchar suntasach ag plean nó tionscadal ar Láithreá(i)n Eorpach(a) sula ndéantar aon chinneadh ligean don phlean nó don tionscadal sin dul ar aghaidh. Tá próiseas neamhspleách i bhfeidhm le haghaidh measúnuithe scagtha MC (agus aon Chéim MC 2 atá riachtanach) de réir na Rialachán, maidir le hiarratais chuig an Aire ar chead tabhairt faoi 'ghníomhaíochtaí' faoi cheadúnas

taiscéalaíochta nó ceadúnas sirtheoireachta peitriliam, agus maidir le hiarratais a dhéantar chuig an Aire ar 'peitriliam a oibriú' faoi léas peitriliam a cheadú.

Ar chríochnú na measúnuithe comhshaoil riachtanacha go léir agus tar éis aon choinníollacha molta a d'fhéadfaí a mholadh a ionchorprú, déanann an Roinn iarratais a mheas. Glactar le cur chuige fianaise-bhunaithe, agus déantar moltaí ansin don Aire cé acu is ceart nó nach ceart toiliú leis na gníomhaíochtaí a ndearnadh iarratas orthu.